

Trén bhFearann Breac

le Colm Breathnach


Foghlaim
TG4

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Trén bhFearann Breac

le Colm Breathnach



An Dán

I

Ní labhraíonn sí a thuilleadh liom, an áit seo,
is níl aon bhuanaíocht ag mo theanga níos mó inti.

Níor chuaigh mo phréamhacha síos ach fad áirithe
is táid ag dreo anois cheal taca uaithi.

Caitheadh salann ar an scriath uachtair
is treabhadh síos é go dtí an t-íochtar.

Ní féidir léi tál a thuilleadh ar a muirnín
ar mo thalamh féin is fás coimhthíoch mé.

II

Ar an mbóthar idir dhá chathair
go bhfuil dhá ainm ar gach ceann acu
léim na focail ar na comharthaí.


Táim ag taisteal trén bhfearann breac
is tá dhá ainm ar gach aon bhaile ann.

Claonadh – Clane
Cill Dara – Kildare
Baile Dháith – Littleton
Cúil an tSúdaire – Portarlinton



Trén bhFearann Breac

le Colm Breathnach



An Dán

an t-ainm dúchais sa chló lodálach
claoninsint ar stair na háite,
an t-ainm dúchais sa chló is lú
faoninsint ag dul ó chlos...

III

Ag taisteal dom trén bhfearann breac
téim ón dubh go dtí an geal
ag gluaiseacht ar m'aistear claon
is fiar é an bealach a théim.
Is mé an ridire a ghabhann an timpeall
d'fhonn teacht de ruathar aniar aduaidh
ach tá caisleáin ann nach n-ionsód
is cléirigh romham gur mór a mbród
mo ríon féin is baolach nach gcosnód,
táim teanntaithe ag ceithearnaigh sa ród.


IV

Idir dhá dhath
idir dhá fhocal
idir dhá ainm
idir dhá aigne
Idir dhá áit
idir dhá theanga
a chaithim mo shaol
idir dhá shaol.



Trén bhFearann Breac

le Colm Breathnach



Gluais:

- Buanaíocht = buaine
- Níor chuaigh = ní dheacaigh
- Mo phréamhacha = mo fhréamhacha
- Táid ag dreo = tá siad ag lobhadh
- Cheal = d'uireasa
- Tál = bainne cíche a thabhairt
- Muirín = téarma ceana do pháiste
- Coimhthíoch = duine strainséartha ar an imeall
- Trén bhfearnn breac = tríd an tír atá breac le héagsúlacht
- Sa chló lodálach = saghas cló a úsáidtear - seo é an cló lodálach
- Claoninsint = insint indíreach
- Faoninsint = insint gan chumhacht
- M'aistear claon = mo thuras fána
- Fiar = ar leathcheann
- Ridire = saighdiúir sna Meánaoiseanna a throid ar chapall ar son an Rí
- De ruathar = go tobann
- Aniar aduaidh = gan choinne
- Nach n-ionsód = nach n-ionsóidh mé
- Is baolach = Is baol dom/ is eagal liom
- Teanntaithe = sáinnithe
- Ceithearnaigh = an píosa is lú agus is lú tábhachtachta ar chlár fichille

****Tá ciall eile le Ceithearnaigh, rud atá suimiúil ó thaobh na hÉireann.****

Seo ón bhfoclóir nua:


Sa 16ú agus 17ú haois in Éirinn, robálaí armtha a mhair sna coillte agus a bhíodh ag robáil taistealaithe nó ag goid eallaigh. Go minic ba Ghaeil a díshealbhaíodh nó a bhí ar a seachaint ón réimeas Gallda iad na ceithearnaigh choille.

- Sa ród = ar an mbóthar
- Idir dhá shaol = idir dhá dhomhan



Trén bhFearann Breac

le Colm Breathnach



Achoimre ghairid ar an dán

Léiriú nua-aoiseach ar an Aisling is ea an dán ‘Trén bhFearann Breac’ ina ndéanann an file Éire a léiriú mar bhean nach féidir leis cumarsáid a dhéanamh léi a thuilleadh. Tá a gcaidreamh ag fáil bháis ceal cothaithe. Níl aon chumarsáid á déanamh ag an bhfile a thuilleadh lena thír dhúchais féin, mothaíonn sé ar strae in áit nach gcuirtear fáilte roimh a theanga dhúchais féin. Is dán iarchoilíneach é an dán dá bharr.

Sa chéad véarsa úsáideann an file meafar de bhláthanna ag lobhadh chun meath agus éag na Gaeilge a chur in iúl ‘níor chuaigh mo phréamhacha síos ach fad áirithe/is táid ag dreo anois cheal taca uaithi’. Mothaíonn an file stoite, ar nós nach bhfuil aon fhréamhacha leagtha síos i gceart aige ina áit féin agus pé fréamhacha Gaelacha, cultúrtha agus teanga a bhíodh aige tá siad ag fáil bháis anois le heaspa cothaithe agus aitheantais. Níl aon rud á thairiscint in Éirinn chun na gnéithe tábhachtacha seo a choinneáil beo. Ar nós WB Yeats in ‘September 1913’ tá an file cáinteach go bhfuil ‘salann’ caite ar chré thoirtiúil na tíre agus go bhfuil coilíneacht Shasana tar éis an-dochar a dhéanamh don tír. Mar aon leis an salann a ‘treabhadh síos...go dtí an t-íochtar’ brúdh teanga, coincheapa agus féiniúlacht na nGael faoi chois. Mar a dúirt Yeats in



Trén bhFearann Breac

le Colm Breathnach



Achoimre ghairid ar an dán

‘September 1913’, ‘[r]omantic Ireland’s dead and gone’ agus níl fágtha anois ach ‘loneliness and pain’. Ar an gcaoi chéanna, is ‘fás coimhthíoch’ é an Breathnach agus é fágtha ‘Outside History’. Níl lón anama ná cultúrtha ann dá leithéid. Tá an muirín, nó an Breathnach, gan chothú.

Is téarma nua-aoiseach é an téarma ‘coimhthíoch’ a chiallaíonn duine ar an imeall, scoite amach agus nach bhfuil mar chuid den phobal toisc go mothaíonn sé go bhfuil rud éigin aisteach aduain ag baint leis.

Tá meafar leanúnach an turais le sonrú go háirithe sa dara véarsa den dán. Tá an file ‘ar an mbóthar idir dhá chathair’. Turas pearsanta is ea é seo agus an file ag dul ‘trén bhfearann breac’, ní hamháin chun a cheann scríbe fisiciúil a bhaint amach ach chun teacht ar a chló féin freisin. Díríonn an Breathnach solas ar bhreac-chultúr na tíre, an spás ‘idir eatarthu’ mar a dúirt Declan Kiberd (1993) ina maireann pobal na hÉireann le logainmneacha gallda. Tá anam na n-áiteanna sin cailte le galldú na logainmneacha agus tús áite tugtha don Bhéarla:

Claonadh – Clane

Cill Dara – Kildare

Baile Dháith – Littleton

Cúil an tSúdaire – Portarlinton



Foghlaim



An Chomhairle um Oideachas
Gaeltacha & Gaelscolaíochta



Trén bhFearann Breac

le Colm Breathnach



Achoimre ghairid ar an dán

Níl aon chiall le cuid de na haistriúcháin Bhéarla ar na logainmneacha seo, go deimhin, léiríonn an Breathnach go bhfuil cealú sna logainmneacha Béarla ar chroí na n-áiteanna sin. Tá an file ag spraoi ansin le ‘Baile Dháith’ agus imeartas focal á dhéanamh aige ar an bhfocal ‘dhath’ a chiallaíonn rud ar bith nó faic. Níl faic san aistriúchán ‘Littleton’ ach ainm cineálach nach bhfreagraíonn don áit, don tírdhreach, do rud ar bith dáiríre. Níl a dhath le sonrú san aistriúchán Béarla. Seo í an ‘c[h]laoninsint ar stair na háite’ atá á chaoineadh ag an bhfile. Tá ‘an t-ainm dúchais/sa chló is lú’. Tá an Ghaeilge á brú go dtí imeall chuimhne na ndaoine agus an t-ainm ‘ag dul ó chlos...’ Tá íomhánna an bháis le sonrú arís go soiléir anseo, meafar atá le sonrú tríd an dán síos.

Tá athrá le feiceáil arís i móitíf an turais sa tríú véarsa. Cuireann an Breathnach tús leis an véarsa agus é ‘ag taisteal dom trén bhfearann breac’ ach is ‘aistear claon’ é an t-aistear seo toisc gur ‘fiar...an bealach’ a théann sé. Úsáideann an file meafar an chláir fhichille chun an turas comhthreomhar seo a chur in iúl. Samhlaíonn sé é féin mar a bheadh ‘ridire’ ar chláir fichille agus é ag gabháil ‘timpeall.’ Is liombó é an clár fichille seo, é ag gluaiseacht ón ‘dubh go dtí an geal’ agus ar ais. Tá sé ‘teanntaithe’ ag gach uile phíosa ar an gclár fichille samhailteach seo. Coinníonn na ceithearnaigh, na cléirigh agus an bhanríon í féin é ón dul chun cinn. Ní féidir leis gluaiseacht ar an gclár seo atá breac le constaicí, dúshláin agus deacrachtaí. Níl aon chosaint aige, tá sé gafa agus ní féidir leis éalú.

Foghlaim



An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Trén bhFearann Breac

le Colm Breathnach



Achoimre ghairid ar an dán

Sceitheann an file solas ar dheacrachtaí an tsaoil i dtír iarchoilínithe sa véarsa deireanach. Tá athrá suntasach le feiceáil ar an réamhfhocal ‘idir’. Ag brath ar chomhthéacs an réamhfhocail seo, is féidir an bhrí ‘both’ nó ‘between’ a bheith leis, tá breac-chiall leis a chuimsíonn tairseachúlacht an fhile. Níl sé istigh leis féin agus é sa spás ‘idir eatarthu’.

Idir dhá dhath
idir dhá fhocal
idir dhá ainm
idir dhá aigne
idir dhá áit
idir dhá theanga
a chaithim mo shaol
idir dhá shaol.

Arís, tá dhá chiall leis an bhfocal ‘saol’, ‘life’ nó ‘world’. Is éard atá á rá ag an bhfile ná go bhfuil sé beo in dhá dhomhan éagsúla. Tá sé ina chónaí i saol tairseachúil an chláir fhichille agus san ‘f[h]earann breac’. Tá an dán seo breac le héiginnteacht, breac le míthuiscint agus breac le ceisteanna íogaire maidir le féiniúlacht. Ar deireadh, thairis sin ar fad, is dán é faoin éagsúlacht sa domhan a dhéanann ‘brecdhaoine’ dinn go léir. Is údar bróin agus ceiliúrtha sin araon. Is breacdhán é.



Trén bhFearann Breac


le Colm Breathnach



Téarmaíocht

larchoilíneach = tír sa tréimhse tar éis di neamhspléachas a bhaint amach ó choilíneacht ghallda. Tá litríocht dhúchasach a scríobhtar sa tréimhse seo go mór faoi anáil an eispéiris sin de ghnáth.

An Aisling = dán traidisiúnta a scríobhadh fadó as Gaeilge. San Aisling, tá an file ina chodladh agus tagann Éire chuige, agus is minic a bhíonn cruth álainn mná uirthi. De ghnáth bíonn brón agus lagmhisneach ar an bhfile agus é ag titim ina chodladh mar go bhfuil an tír ag meath agus ag dul i léig. Agus é ag taibhreamh tagann an spéirbhean chuige chun rabhadh a thabhairt dó cuidiú léi. Is meafar í an bhean seo don tír agus í ag fulaingt faoi chois ag na Gaill.



Trén bhFearann Breac


le Colm Breathnach



Saol agus Saothar an Fhile

Rugadh Colm Breathnach in aice le Carraig Ruacháin, i gContae Chorcaí, sa bhliain 1961. D'fhreastail sé ar Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, áit ar bhain sé BA amach sa Ghaeilge agus san fhealsúnacht agus, ansin, MA amach sa Nua-Ghaeilge. Chaith sé a shaol ag obair leis an nGaeilge. Chaith sé tréimhse ina théarmeolaí leis an gCoiste Téarmaíochta agus ansin d'oibrigh sé mar aistritheoir gairmiúil i Rannóg an Aistriúcháin. D'fhág sé a phost ansin le dul i mbun pinn go lán-aimseartha agus tá sé ag scríobh leis ó shin. Tá a lán filíochta foilsithe aige, i measc na gcnuasach filíochta sin tá An Fearann Breac (1992), Scáthach (1994), An Fear Marbh (1998), Tírdhreacha (2015). D'aistrigh sé an t-úrscéal Gearmánach Katz und Maus le Günter Grass sa bhliain 2000. Tá a lán duaiseanna buaite aige, ina measc duais liteartha an Oireachtais. Tá cónaí air i gContae Chill Dara, áit a luann sé sa dán 'Trén bhFearann Breac'.





Idir na Línte

Foghlaim
TG4